II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2334 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Samhain 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a mhéid a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach agus solúbthacht a thabhairt isteach sna nósanna imeachta chun cruthúnais tionscnaimh a eisiúint nó a tharraingt suas

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagail 25 agus 66 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach in Airteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([2]), i gcás ina bhfuil foirmiúlachtaí custaim á gcomhlíonadh ag sealbhóir cinnidh nó thar ceann an tsealbhóra sin maidir le Faisnéis Taraife Cheangailteach (BTI) i leith earraí a chumhdaítear le cinneadh BTI, go gcuirfear an méid sin in iúl sa dearbhú custaim trí uimhir thagartha an chinnidh BTI a lua. Is in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([3]) amháin a leagtar síos mar nóta a ghabhann le heilimint sonraí 12 12 001 000 an oibleagáid chun uimhir thagartha an chinnidh maidir le Faisnéis Cheangailteach i leith Tionscnaimh a chur in iúl sa dearbhú custaim.

(2) Chun gur féidir leis na húdaráis chustaim faireachán cuí a dhéanamh ar úsáid cinnidh a bhaineann le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh ag a shealbhóir agus ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an gcinneadh sin, ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas chun uimhir thagartha an chinnidh a léiriú sa dearbhú custaim, a leagtar síos in Airteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, maidir le gach cinneadh a bhaineann le faisnéis cheangailteach.

(3) Le linn an chéad chruinnithe theicniúil maidir le rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh a tionóladh sa Bhruiséil an 5 Feabhra 2020, chomhaontaigh an tAontas agus 20 Páirtí Conarthach eile sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara (Coinbhinsiún PEM) ([4]) rialacha athbhreithnithe Choinbhinsiún PEM ([5]) ("na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh") a chur chun feidhme i gcomhthráth le rialacha Choinbhinsiún PEM, ar bhonn idirthréimhseach ón 1 Meán Fómhair 2021, go dtí go nglacfar rialacha athbhreithnithe Choinbhinsiún PEM.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

([4]) IO L 54, 26.2.2013, lch. 4.

([5]) IO L 339, 30.12.2019, lch. 1.

(4) Ón 1 Meán Fómhair 2021, tháinig 13 phrótacal dhéthaobhacha maidir le rialacha tionscnaimh idir an tAontas agus Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún PEM i bhfeidhm cheana féin, rud a fhágann go bhfuil feidhm ag na rialacha idirthréimhseacha ([6]). Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an bpróiseas chun na rialacha idirthréimhseacha a chur chun feidhme leis na Páirtithe Conarthacha eile, faoi réir na nósanna imeachta um ghlacadh a bheith curtha i gcrích ag na páirtithe.

(5) Is é is cuspóir do na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh rialacha níos maolaithe a thabhairt isteach chun cáiliú an stádais tionscnaimh fhabhraigh maidir le hearraí a éascú. Ós rud é go bhfuil na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh níos maolaithe i gcoitinne ná rialacha Choinbhinsiún PEM, d'fhéadfadh earraí a chomhlíonann rialacha Choinbhinsiún PEM a bheith incháilithe freisin mar earraí tionscnaimh faoi na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh, cé is moite de roinnt táirgí talmhaíochta a aicmítear faoi Chaibidlí 2, 4 go 15, 16 (seachas táirgí iascaigh próiseáilte) agus 17 go 24, aicmí nach bhfuil na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh níos maolaithe ná rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagail 61 agus 62 a leasú chun an fhéidearthacht a thabhairt isteach d'onnmhaireoirí an Aontais iarratas a dhéanamh go n-eiseofaí deimhniú gluaiseachta nó chun dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas bunaithe ar dhearbhuithe soláthraí arna ndéanamh i gcomhthéacs Choinbhinsiún PEM.

(6) Tá na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh infheidhme i gcomhthráth le rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM, rud lena gcruthaítear dhá chrios shainiúla carntha. Dá bhrí sin, ba cheart don soláthraí léiriú a thabhairt ar an gcreat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh sa dearbhú soláthraí, lena gceadaítear don onnmhaireoir stádas tionscnaimh na n-earraí a chinneadh faoin gcreat ceart le haghaidh na n-ábhar sin a chomhlíonann an dá shraith rialacha tionscnaimh.

(7) Úsáidtear an dearbhú soláthraí in Iarscríbhinní 22-17 agus 22-18 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 i gcás táirgí nach bhfuil stádas tionscnaimh fabhrach ag baint leo. Ós rud é nach féidir na táirgí sin a tháirgeadh ach amháin trí úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh, ba cheart é a bheith roghnach an dara pointe den dearbhú a líonadh isteach. Dá bhrí sin, ba cheart fonótaí 4 agus 5 d'Iarscríbhinn 22-17 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 agus fonótaí 5 agus 6 d'Iarscríbhinn 22-18 a leasú dá réir.

(8) De réir Airteagal 61(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, féadfaidh soláthraithe dearbhuithe soláthraí a sholáthar tráth ar bith fiú tar éis na hearraí a sheachadadh agus de réir Airteagal 62(2), pointe (b), den Rialachán sin, déanfar na dearbhuithe soláthraí fadtéarmacha a tharraingt suas le haghaidh coinsíneachtaí a sheoltar le linn tréimhse nár cheart a bheith níos faide ná 12 mhí roimh dháta eisiúna an dearbhaithe soláthraí fhadtéarmaigh nó níos faide ná 6 mhí ina dhiaidh sin. Chun úsáid a bhaint as dearbhuithe soláthraí a eisíodh roimh dháta theacht i bhfeidhm an rialacháin leasaithigh seo le haghaidh stoic ábhar a bunaíodh tar éis an 1 Meán Fómhair 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Meán Fómhair 2021, dáta theacht i bhfeidhm na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh idir an tAontas agus roinnt Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún PEM.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

"*Airteagal 20*

Faireachán a dhéanamh ar chinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach

([6]) IO C 202, 19.5.2022, lch. 1

(Airteagal 23(5) den Chód)

I gcás ina bhfuil foirmiúlachtaí custaim á gcomhlíonadh ag sealbhóir cinnidh nó thar ceann an tsealbhóra sin maidir le faisnéis cheangailteach i leith earraí a chumhdaítear leis an gcinneadh sin, cuirfear an méid sin in iúl sa dearbhú custaim trí uimhir thagartha an chinnidh a lua.";

(2) in Airteagal 61, cuirtear isteach an mhír 1a agus an mhír 1b seo a leanas:

"1a. Sa trádáil idir na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara (*) ('Coinbhinsiún PEM'), i gcás ina bhfuil feidhm ag dhá thacar rialacha tionscnaimh nó níos mó, féadfar tionscnamh fabhrach earraí a chinneadh de réir tacar rialacha tionscnaimh amháin nó níos mó.

Sonróidh soláthraithe an creat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh. I gcás nach sonraítear an creat dlíthiúil sin, mar réamhshocrú, measfar go sonraítear sa dearbhú soláthraí gur úsáideadh Coinbhinsiún PEM chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.

1b. Chun críche trádála idir na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún PEM, féadfaidh an t-onnmhaireoir na dearbhuithe soláthraí a úsáid mar dhoiciméid tacaíochta chun iarratas a dhéanamh deimhniú gluaiseachta a eisiúint nó chun dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas i gcomhréir leis na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh (**) is infheidhme i gcomhthráth le rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM, sna cásanna seo a leanas:

(a) luaitear sna dearbhuithe soláthraí an stádas tionscnaimh i gcomhréir le rialacha Choinbhinsiún PEM maidir le táirgí a aicmítear faoi Chaibidlí 1, 3 agus 16 (le haghaidh táirgí iascaigh próiseáilte) agus faoi Chaibidlí 25 go 97 den Chóras Comhchuibhithe; agus

(b) níl carnadh á chur i bhfeidhm le Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún PEM nach bhfuil ach Coinbhinsiún PEM á chur i bhfeidhm acu.

Déanfaidh an t-onnmhaireoir gach beart is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le cruthúnas tionscnaimh a eisiúint nó a tharraingt suas de réir tacar sonrach rialacha tionscnaimh.

_____

(*) IO L 54, 26.2.2013, lch. 1.

(**) Is iad na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh rialacha athbhreithnithe Choinbhinsiún PEM (IO L 339, 30.12.2019, lch. 1) is infheidhme i gcomhthráth le rialacha Choinbhinsiún PEM atá ann faoi láthair ar bhonn idirthréimhseach go dtí go nglacfar rialacha athbhreithnithe Choinbhinsiún PEM.";

(3) in Airteagal 62, cuirtear isteach an mhír 1a agus an mhír 1b seo a leanas:

"1a. Sa trádáil idir na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún PEM, i gcás ina bhfuil feidhm ag dhá thacar rialacha tionscnaimh nó níos mó, féadfar tionscnamh fabhrach earraí a chinneadh de réir tacar rialacha tionscnaimh amháin nó níos mó.

Sonróidh soláthraithe an creat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh. I gcás nach sonraítear an creat dlíthiúil sin, mar réamhshocrú, measfar go sonraítear sa dearbhú soláthraí gur úsáideadh Coinbhinsiún PEM chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.

1b. Chun críche trádála idir na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún PEM, féadfaidh an t-onnmhaireoir na dearbhuithe soláthraí a úsáid mar dhoiciméid tacaíochta chun iarratas a dhéanamh deimhniú gluaiseachta a eisiúint nó chun dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas i gcomhréir leis na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh is infheidhme i gcomhthráth le Coinbhinsiún PEM, sna cásanna seo a leanas:

(a) luaitear sna dearbhuithe soláthraí an stádas tionscnaimh i gcomhréir le rialacha Choinbhinsiún PEM maidir le táirgí a aicmítear faoi Chaibidlí 1, 3 agus 16 (le haghaidh táirgí iascaigh próiseáilte) agus faoi Chaibidlí 25 go 97 den Chóras Comhchuibhithe; agus

(b) níl carnadh á chur i bhfeidhm le Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún PEM nach bhfuil ach Coinbhinsiún PEM á chur i bhfeidhm acu.

Déanfaidh an t-onnmhaireoir gach beart is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le cruthúnas tionscnaimh a eisiúint nó a tharraingt suas de réir tacar sonrach rialacha tionscnaimh.";

(4) in Iarscríbhinn 22-15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (3):

"(3) Tír, grúpa tíortha nó críoch lena mbaineann. I gcás inar féidir eolas a fháil ar thionscnamh fabhrach táirge ó thír, ó ghrúpa tíortha nó ó chríoch i gcomhréir le níos mó ná riail tionscnaimh amháin, sonróidh na soláthraithe an creat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh (eadhon Coinbhinsiún PEM agus/nó na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh).

I gcás ina bhfuil tír, grúpa tíortha nó críoch ina Páirtí Conarthach nó ina Pháirtí Conarthach i gCoinbhinsiún PEM agus nach sonraítear creat dlíthiúil, mar réamhshocrú, measfar go sonraítear sa dearbhú soláthraí gur úsáideadh Coinbhinsiún PEM chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.";

(5) in Iarscríbhinn 22-16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (5):

"(5) Tír, grúpa tíortha nó críoch lena mbaineann. I gcás inar féidir eolas a fháil ar thionscnamh fabhrach táirge ó thír, ó ghrúpa tíortha nó ó chríoch i gcomhréir le níos mó ná riail tionscnaimh amháin, sonróidh na soláthraithe an creat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh (eadhon Coinbhinsiún PEM agus/nó na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh).

I gcás ina bhfuil tír, grúpa tíortha nó críoch ina Páirtí Conarthach nó ina Pháirtí Conarthach i gCoinbhinsiún PEM agus nach sonraítear creat dlíthiúil, mar réamhshocrú, measfar go sonraítear sa dearbhú soláthraí gur úsáideadh Coinbhinsiún PEM chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.";

(6) in Iarscríbhinn 22-17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (4):

"(4) Le líonadh isteach i gcás inarb ábhartha, agus sa chás sin amháin. An tAontas, tír, grúpa tíortha nó críoch óna dtionscnaíonn na hábhair.";

(7) in Iarscríbhinn 22-17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (5):

"(5) Le líonadh isteach i gcás inarb ábhartha, agus sa chás sin amháin. Tír, grúpa tíortha nó críoch lena mbaineann. I gcás inar féidir eolas a fháil ar thionscnamh fabhrach táirge ó thír, ó ghrúpa tíortha nó ó chríoch i gcomhréir le níos mó ná riail tionscnaimh amháin, sonróidh na soláthraithe an creat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh (eadhon Coinbhinsiún PEM agus/nó na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh).

I gcás ina bhfuil tír, grúpa tíortha nó críoch ina Páirtí Conarthach nó ina Pháirtí Conarthach i gCoinbhinsiún PEM agus nach sonraítear creat dlíthiúil, mar réamhshocrú, meastar go dtagraítear sa dearbhú soláthraí gur úsáideadh Coinbhinsiún PEM chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.";

(8) in Iarscríbhinn 22-18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (5):

"(5) Le líonadh isteach i gcás inarb ábhartha, agus sa chás sin amháin. An tAontas, tír, grúpa tíortha nó críoch óna dtionscnaíonn na hábhair.";

(9) in Iarscríbhinn 22-18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (6):

"(6) Le líonadh isteach i gcás inarb ábhartha, agus sa chás sin amháin. Tír, grúpa tíortha nó críoch lena mbaineann. I gcás inar féidir eolas a fháil ar thionscnamh fabhrach táirge ó thír, ó ghrúpa tíortha nó ó chríoch i gcomhréir le níos mó ná riail tionscnaimh amháin, sonróidh na soláthraithe an creat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh (eadhon Coinbhinsiún PEM agus/nó na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh).

I gcás ina bhfuil tír, grúpa tíortha nó críoch ina Páirtí Conarthach nó ina Pháirtí Conarthach i gCoinbhinsiún PEM agus nach sonraítear creat dlíthiúil, mar réamhshocrú, measfar go sonraítear sa dearbhú soláthraí gur úsáideadh Coinbhinsiún PEM chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (2) go (9), ón 1 Meán Fómhair 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN